Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10729/22**
**ADD 1**

**POLMAR 43**
**POLGEN 102**
**COMAR 42**
**ENV 676**
**ENER 340**
**MAR 137**
**MARE 54**
**PECHE 235**
**RELEX 897**
**SUSTDEV 118**
**TRANS 451**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2022) 28 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm - Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2022) 28 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2022) 28 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 24.6.2022
JOIN(2022) 28 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm - Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan**

{SWD(2022) 174 final}

## 1. AN CREAT DO RIALACHAS IDIRNÁISIÚNTA NA nAIGÉAN A NEARTÚ[1]

### *An bhithéagsúlacht mhuirí a chosaint agus a chaomhnú*

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- ***Creat Domhanda Bithéagsúlachta uaillmhianach tar éis 2020*** *laistigh den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) agus comhaontú uaillmhianach cóir cothrom maidir leis an m**Bithéagsúlacht lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ) a bhrú chun cinn**.*
- ***a mholadh nár cheart tús a chur le saothrú mianraí muirí sa Limistéar[2] sula gcomhlíonfar gach ceann de na trí chritéar seo a leanas**: i) go bhfuil dóthain eolais eolaíoch ar fáil ar éiceachórais dhomhainfharraige agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag mianadóireacht ar éiceachórais mhuirí agus a seirbhísí ii) go bhfuil forálacha leordhóthanacha ann chun an timpeallacht mhuirí a chosaint go héifeachtach ar éifeachtaí díobhálacha gníomhaíochtaí mianadóireachta sa Limistéar, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim agus UNCLOS agus iii) gur féidir a léiriú nach n-eascraíonn aon éifeacht dhíobhálach as teicneolaíochtaí mianadóireachta ná cleachtais oibríochtúla.*
- ***bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint san Antartach a chur chun cinn go gníomhach** laistigh de Limistéar Coinbhinsiúin an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR).*
- *acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint ina phlean gníomhaíochta atá ar na bacáin, rud a chuireann leis an gceanglas dlíthiúil ar an Aontas dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh shláine ghrinneall na farraige, agus bearta a thabhairt isteach, i gcás inar gá, chun úsáid an trealaimh iascaireachta is díobhálaí don bhithéagsúlacht a rialáil.*

### *Iascaigh agus dobharshaothrú inbhuanaithe*

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *forbairt a dhéanamh **ar chomhaontú domhanda EDT chun toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh** a tugadh i gcrích i mí an Mheithimh 2022 agus a éileamh go ndéanfar an comhaontú sin a neartú a luaithe is féidir leis na gnéithe nár comhaontaíodh go fóill.*
- *leanúint de chomhlíonadh agus cur chun feidhme éifeachtach rialacha idirnáisiúnta chun iascaireacht NNN a chomhrac a chur chun cinn, go háirithe Comhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafoirt[3] agus ról ceannasach a ghlacadh i dtreoirlínte deonacha FAO maidir le trasloingsiú a bhunú.*
- *leanúint de mheicníochtaí frith-NNN a chur chun cinn ar fud na ERBInna go léir agus iarracht a dhéanamh na Comhlachtaí Réigiúnacha Iascaigh a uasghrádú go ERBInna, go*

[1] Is iad na gníomhaíochtaí i gcló trom na cinn a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan

[2] Faoi UNCLOS, ciallaíonn an 'Limistéar' grinneall na farraige agus urlár an aigéin agus a bhfo-ithir, lasmuigh de theorainneacha na dlínse náisiúnta.

[3] lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí uirlisí cumasúcháin a fhorbairt (Córas Domhanda um Malartú Faisnéise, Taifead Domhanda Soithí Iascaireachta, Soithí Iompair Cuisniúcháin agus Soithí Soláthair) agus cúnamh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha.

*háirithe an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir agus an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Láir Thiar.*

- *cumarsáid agus comhordú a éascú i measc ERBInna maidir le dea-chleachtais i mbainistíocht iascaigh agus ábhair eile leasa choitinn ('comhphobal cleachtais'), lena gcuirfear, a mhéid is féidir, leis na próisis atá ann cheana.*
- *cuidiú le cur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe chun Iascach Mórmhara Neamhrialaithe a Chosc san Aigéan Artach Láir agus tacú le hainmniú MPAnna san Aigéan Artach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh.*
- *a Chomhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe a athchóiriú ionas gur fearr a chuirfidh siad le rialachas feabhsaithe an aigéin*[4].
- *leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht a chabhlaigh lasmuigh d'uiscí an Aontais tríd an Rialachán maidir le Bainistiú Inbhuanaithe a dhéanamh ar Chabhlaigh Iascaireachta Sheachtracha*[5] *agus an leibhéal céanna ardchaighdeán a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta.*
- *iarracht a dhéanamh cur le trádáil iascaigh inbhuanaithe trí chloí leis na gealltanais a tugadh i gcomhaontuithe trádála déthaobhacha le tríú páirtithe agus rialachas na n-aigéan a neartú trína Chomhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair.*

### *Cosaint mhuirí réigiúnach*

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *dlús a chur lena iarrachtaí páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú.*
- *tacú le rannpháirteachas na gCoinbhinsiún Réigiúnach Farraige, Pleananna Gníomhaíochta agus socruithe réigiúnacha comhchosúla ar fud an domhain faoi Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le Farraigí Réigiúnacha i gcur chun feidhme gealltanas idirnáisiúnta i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n-áirítear bithéagsúlacht limistéar lasmuigh den dlínse náisiúnta, agus sa chomhrac i gcoinne truailliú plaisteach.*

### *Comhpháirtíochtaí straitéiseacha*

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *na dialóga agus na formáidí comhair atá ann cheana a úsáid, de réir mar is iomchuí, chun an comhar maidir le rialachas na n-aigéan a phríomhshruthú*[6].
- *dlús a chur leis an gcomhar maidir le rialachas na n-aigéan faoin gComhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.*
- *cúnamh a thabhairt do réigiúin chomhpháirtíochta agus do thíortha faoin Eoraip Dhomhanda a n-acmhainneachtaí a neartú chun rialachas níos fearr a dhéanamh ar an*

[4] Tá an Coimisiún i mbun meastóireacht a dhéanamh ar na SFPAnna arb é is aidhm di iad a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus iad a dhíriú níos fearr ar an gcomhar déthaobhach agus ar chur chun feidhme na gcuspóirí a bhaineann le gné sheachtrach CBI.

[5] Rialachán (AE) 2017/2403.

[6] Tá roinnt dialóg ardleibhéil ag an Aontas le comhpháirtithe tábhachtacha, anuas ar an dá Chomhpháirtíocht Aigéin maidir le gnóthaí na n-aigéan leis an tSín agus le Ceanada.

*aigéan, lena n-áirítear tacú le príomhionstraimí domhanda maidir le rialachas na n-aigéan a chur chun feidhme go héifeachtach, acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt, gníomhaíocht aigéanbhunaithe a chur chun cinn chun maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, agus bagairtí slándála muirí a dhíothú*[7].

- *gníomhaíochtaí a sheoladh in 2023-2024 chun tacú le rialachas níos fearr na n-aigéan, lena n-áirítear geilleagair ghorma inbhuanaithe a fhorbairt san Afraic, i gcomhréir le clársceidealú na hEorpa Domhanda don Afraic. Bunófar grúpa straitéiseach idir an Afraic agus an tAontas Eorpach maidir le rialachas na n-aigéan in 2022 chun tosaíochtaí straitéiseacha a mholadh.*
- *an 2ú Fóram Réigiún Muirí san Aigéan Indiach Thiar a óstáil in 2023, mar aon leis na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais san imchuach farraige sin.*

## 2. I dTREO INBHUANAITHEACHT NA nAIGÉAN A BHAINT AMACH FAOI 2030

### *An t-aigéan agus an t-athrú aeráide*

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *tacú le tríú tíortha a ngníomhaíocht i ndáil leis an aigéan a chur chun feidhme san obair leantach náisiúnta ar na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn.*
- *a bheith i gceannas ar chomhaontú maidir le cuspóirí, caighdeáin, agus bearta atá domhanda, uaillmhianach agus faoi cheangal ama i leith laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) le haghaidh muiriompar idirnáisiúnta laistigh de IMO.*
- *GCT ó mhuiriompar an Aontais a laghdú tríd an úsáid a bhaintear as breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin (FuelEU Maritime) a mhéadú agus praghsáil carbóin a thabhairt isteach (lena leathnaítear CTA AE chun an earnáil mhuirí a chumhdach).*
- *tacú le forbairt an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta trí shaineolas an Aontais a roinnt le tríú tíortha agus tacú le taighde agus forbairt margaí nua. I gcomhréir leis an Tairseach Dhomhanda,*[8] *tacóidh an tAontas freisin le hinfheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.*
- *dlús a chur lena iarrachtaí feidhm nádúrtha 'carbóin ghoirm' an aigéin a chaomhnú trí éiceachórais mhuirí agus chósta a chosaint agus a athbhunú agus trí spriocanna maidir le héiceachórais a athbhunú a chumhdach sa dlí*[9].
- *breithnithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú in oibreacha na gcoistí eolaíocha de chuid ERBInna, RSCanna agus comhlachtaí agus ionstraimí eile a dhéileálann le caomhnú agus bainistíocht beo-acmhainní muirí amhail Comhaontú BBNJ a bheidh ann amach anseo, agus ainmniú MPAnna breise a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear a n-ainmniú ag CCAMLR.*
- *níos mó taighde a chur chun cinn maidir le pointí iompaithe éiceachórais faoi thionchar na haeráide, iarracht a dhéanamh cur leis an tuiscint ar impleachtaí carnacha éiceachórais atá ann mar thoradh ar mheascán cúiseanna, go háirithe téamh,*

---

7 Sa Chlár Táscach Réigiúnach don Afraic Fho-Shahárach, leithdháileadh méid táscach de EUR 180 milliún ar chúig chlár réigiúnacha aigéin a sainaithníodh agus atá á n-ullmhú.

8 JOIN(2020) 30 final.

9 COM(2020) 380.

*dí-ocsaiginiú agus aigéadú, borradh a chur faoin taighde ar charbón aigéin agus ardú ar leibhéal na mara agus réitigh dhúlrabhunaithe ghaolmhara, agus cur leis an nuálaíocht a bhaineann le maolú agus oiriúnú inbhuanaithe aigéanbhunaithe.*

- *daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach Phrótacal Londan agus Chinneadh X/33 CBD a chur chun cinn agus tuiscint níos fearr a shaothrú ar an gcaoi a bhfuil feidhm ag a bprionsabail maidir le bonn eolaíoch leordhóthanach, measúnú riosca agus prionsabal an réamhchúraim maidir le gníomhaíochtaí aigéanbhunaithe CDR.*

***An truailliú mara a chomhrac***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- ***páirt ghníomhach a ghlacadh san idirbheartaíocht maidir le Comhaontú Domhanda maidir le Plaisteach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí.***
- *tacú le fothú acmhainneachta trí bhíthin comhpháirtíochtaí agus comhar um fhorbairt chun truailliú mara ón talamh agus ón bhfarraige a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear baol truaillithe ó mhuinisean dumpáilte ar muir, agus bainistíocht dramhaíola, tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, agus cur chuige an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn.*
- *tacú le hiarrachtaí ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chosaint na timpeallachta muirí agus cósta a chomhtháthú sa chaidreamh déthaobhach d'fhonn cáilíocht na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta a chaomhnú agus a athbhunú.*
- *saoráidí glactha calafoirt an Aontais a neartú chun dramhaíl agus substaintí truaillitheacha eile a bhailiú ó longa ar thurais inmheánacha agus idirnáisiúnta agus iad a bhainistiú i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh chomh maith le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun sceitheadh neamhdhleathach ó longa a bhrath agus chun feabhas a chur ar ionchúiseamh na gciontóirí.*

***Comhlíonadh fhreagrachtaí na mBratstát a chur chun cinn trí na Bratstáit sin atá ag gníomhú mar chláir oscailte***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun **a áirithiú go gcomhlíonfaidh tíortha a n-oibleagáidí idirnáisiúnta mar Bhratstáit**, oibleagáidí a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta (amhail IMO, EIS, UNCLOS), **agus go bhfeidhmeoidh siad freagrachtaí ceannasacha iomlána ar a gcláir** chun go mbeidh siad in ann rialú ar ghníomhaíochtaí na long a bhfuil a mbratach ar foluain acu a léiriú, tríd an tsaincheist sin a áireamh ina idirphlé sonrach déthaobhach earnálach de chuid an Aontais leis na Stáit lena mbaineann (i réimsí an iascaigh, na sábháilteachta muirí, an chomhshaoil nó na gceart saothair).*
- *feabhas a chur ar a iarrachtaí a áirithiú go gcomhlíonfaidh tíortha a n-oibleagáidí idirnáisiúnta mar Bhratstáit trí idirphlé NNN nó, mar rogha dheireanach, úsáid a bhaint as bearta atá bainteach le trádáil atá comhlachaithe le sainaithint tríú tíortha mar thíortha neamh-chomhoibríocha faoi chuimsiú Rialachán NNN.*
- *na saincheisteanna a eascraíonn as úsáid fhorleathan na gclár oscailte ag úinéirí long chun dul timpeall ar na rialacha agus ar na caighdeáin atá ann cheana a chur san*

*áireamh sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha, chomh maith leis an bhféidearthacht féachaint chuige go mbeidh na húinéirí tairbhiúla cuntasach sna gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin. Chun tacú leis an obair sin, seolfaidh an Coimisiún staidéar ina nochtfar samhlacha gnó na n-oibreoirí a úsáideann cláir oscailte agus na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu le feidhmiú na gclár sin, chomh maith le réitigh a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh.*

- *comhordú a dhéanamh i measc na mbeartas ábhartha sonrach d'fhonn aghaidh níos fearr a thabhairt ar na laigí taobh thiar de na cláir oscailte, agus cabhair um fhorbairt de chuid an Aontais a dhéanamh coinníollach ar phríomhchoinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le rialachas na n-aigéan a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ag na tíortha sin (e.g. Coinbhinsiúin UNCLOS, IMO agus EIS).*

***An t-aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe domhanda a dhéanamh***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *oibriú chun cur le hinbhuanaitheacht allmhairí táirgí iascaigh a bhaineann tairbhe as Taraif-Chuótaí Uathrialaitheacha agus leas á bhaint as staidéar leanúnach an Aontais*[10] *sa réimse seo.*
- *tús a chur le hobair ar chreat forbartha de chuid G20 don gheilleagar gorm chun foinsí maoinithe fhadtéarmaigh a shainaithint agus a dhaingniú don aistriú domhanda chuig geilleagar gorm inbhuanaithe.*
- *an plé maidir le tacar cuimsitheach uaillmhianach treoirlínte maidir le Dobharshaothrú Inbhuanaithe ag FAO a thabhairt ar aghaidh, rud a chuirfeadh leis na Treoirlínte Straitéiseacha maidir le dobharshaothrú inbhuanaithe iomaíoch san Aontas*[11]*.*
- *tástáil ar réitigh don dobharshaothrú inbhuanaithe agus don iascach inbhuanaithe, lena n-áirítear trí thionchar an trealaimh iascaireachta ar éiceachórais mhuirí a laghdú, trína Mhisean 'ár nAigéan agus ár nUiscí a athchóiriú faoi 2030'.*
- ***caighdeáin mhargaíochta an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a athbhreithniú** chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí agus d'oibreoirí sa slabhra soláthair maidir le gnéithe ríthábhachtacha inbhuanaitheachta a bhaineann le táirgí an Aontais agus táirgí allmhairithe.*
- *tacú le gníomhaíochtaí le haghaidh tionscnaimh nuálacha faoi stiúir gnó, ag tosú leis an gcéad imeacht de chuid 'BlueInvest Africa'*[12]*.*

***Bainistíocht chomhtháite aigéin trí limistéir mhuirí faoi chosaint agus pleanáil spásúil mhuirí***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *dlús a chur leis an gcomhar le IOC-UNESCO chun an Phleanáil Spásúil Mhuirí (MSP) a chur chun cinn ar fud an domhain trí chomhpháirtíocht nua bunaithe ar threochlár comhpháirteach 5 bliana, a sheolfar ag an 3ú comhdháil idirnáisiúnta maidir le MSP ag deireadh 2022.*

[10] á ullmhú.
[11] COM/2021/236 final.
[12] an 7-8 Meán Fómhair 2022, na Séiséil.

- *oibriú i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (MPAnna) agus Bearta Caomhnaithe Éifeachtacha Eile (OECManna) a leabú i straitéis dhomhanda chaomhnaithe aonaigéanach chun an brú daonna agus díghrádú an aigéin a laghdú lasmuigh de limistéir chosanta.*
- *tacú le comhordú réigiúnach agus le tionscadail chomhpháirteacha le haghaidh comhbhainistíochta chun líonraí MPAnna agus OECManna dea-bhainistithe a ainmniú atá ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de agus atá comhtháite.*

### 3. SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT AR MUIR A ÁIRITHIÚ

***Slándáil ar muir***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa tslándáil mhuirí agus i láithreacht dhomhanda go háirithe trí mhéadú ar chleachtaí beo, cuairteanna ar chalafoirt Eorpacha agus patróil chomhpháirteacha, chomh maithe le hacmhainní a fhorbairt (e.g. gníomhaíocht mhuirí bheo a dhéanamh le comhpháirtithe san Ind-Aigéan Ciúin faoi 2023).*
- *oibríochtaí cabhlaigh an Aontais atá á n-imscaradh sa Mheánmhuir agus amach ó chósta na Somáile a chomhdhlúthú agus a leathnú.*
- *comhpháirtíochtaí réigiúnacha a neartú i gcriosanna leasa muirí agus, ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ó na cláir atá ann cheana (e.g. SWAIMS, PASSMAR, GoGIN, MASE, Clár PSP, CRIMARIO[13]), feasacht staide dhomhanda agus slándáil mhuirí a fheabhsú,*
- *na Láithreacha Comhordaithe Muirí a chur chun feidhme i Limistéir Leasa Mhuirí eile.*
- *sásraí feasachta slándála muirí an Aontais a fhorbairt agus a neartú faoi 2025, amhail an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise agus an Faireachas Muirí[14].*
- *cumarsáid agus comhordú idir tionscnaimh réigiúnacha shibhialtacha agus tionscnaimh mhíleata mhuirí a éascú, de réir mar is iomchuí, chun feasacht staide a fheabhsú.*

***Sábháilteacht ar muir agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn ar fud an domhain***

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht Uimh. 188.*
- *measúnú a dhéanamh ar thrasuí Threoir 2017/159 sna Ballstáit, lena n-ionchorpraítear Coinbhinsiún Uimh. 188 i ndlí an Aontais, agus gach beart iomchuí a ghlacadh mura ndéanfaidh Ballstát an Treoir a thrasuí go cuí ina chóras dlí náisiúnta.*
- *aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an iascaireacht amhail saothar éigeantais agus cineálacha eile mí-úsáide maidir le cearta saothair san idirphlé*

[13] SWAIMS – Tacaíocht do Shlándáil Mhuirí Chomhtháite na hAfraice Thiar, PASSMAR – Clár Tacaíochta don Straitéis Slándála Muirí san Afraic Láir, GoGIN – Gréasán Idir-Réigiúnach Mhurascaill na Guine, MASE – an Clár Slándála Muirí Réigiúnaí, SSI – Clár Slándála Calafoirt, CRIMARIO – Tionscadal na mBealaí Muirí Criticiúla san Aigéan Indiach Mór.

[14] Táthar ag súil go mbeidh an CISE ag feidhmiú go luath in 2024. Forbraíodh é chun malartú faisnéise a éascú idir údaráis faireachais mhuirí ar fud an Aontais, lena n-áirítear comhar míleata sibhialta.

*déthaobhach ábhartha agus i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear nuair a bhraitear iad i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne iascaireacht NNN*[15].

- *tacú le tionscnaimh IMO chun rioscaí comhshaoil ón muiriompar (bruscar muirí, truailliú torainn faoi uisce, truailliú aeir agus uisce) agus ó ghníomhaíochtaí iascaireachta a laghdú.*
- *athbhreithniú a dhéanamh ar na treoracha a bhaineann le ceanglais bratstát, rialú stáit ar chalafoirt agus imscrúdú ar thimpistí muirí*[16] *chun athruithe ar an timpeallacht rialála idirnáisiúnta agus ar an teicneolaíocht rialála idirnáisiúnta a chur san áireamh agus chun a áirithiú go ndéanfar aon cheacht a foghlaimíodh le 10 mbliana anuas i gcur chun feidhme acquis an Aontais sa réimse sin a ionchorprú i ndlí an Aontais.*

## 4. CUR LEIS AN EOLAS ATÁ ANN FAOIN AIGÉAN

*Is éard a dhéanfaidh an tAontas:*

- *spreagadh a thabhairt chun comhéadan beartais idir-rialtasach trasdisciplíneach le haghaidh na heolaíochta a chruthú don inbhuanaitheacht aigéin,* ***Painéal Idir-Rialtasach le haghaidh Inbhuanaitheacht na nAigéan****, rud a chuirfeadh le saineolas domhanda is infheidhme agus le comhlachtaí eolaíocha atá ann cheana.*
- *seirbhís mhuirí Copernicus a leathnú mar thagairt an Aontais le haghaidh seirbhísí aigéin: seirbhísí fíor-ama monatóireachta, réamhaisnéise agus tuartha aeráide aigéin a sholáthar.*
- *oibriú i gcomhar le comhpháirtithe chun córais fhadtéarmacha breathnóireachta agus faireacháin aigéin a bhunú i réimsí lasmuigh den dlínse náisiúnta agus tacú le breathnóireacht fhadtéarmach aigéin i ndeisceart an domhain trí chúrsa oiliúna a chur ar fáil.*
- *Misean na hEorpa 'ár nAigéan agus ár nUiscí a athchóiriú faoi 2030' a chur chun feidhme lena tithe solais i ngach imchuach farraige Eorpach chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn le haghaidh réitigh atá oiriúnach don fheidhm chun dul i ngleic le dúshláin an aigéin laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.*
- *forbairt a dhéanamh ar Leathchúpla Digiteach don Aigéan chun cuidiú leis an slabhra luacha eolais a chomhtháthú, ó bharúlacha a bhailiú go feidhmeanna úsáideoirí deiridh a ghiniúint, agus cur chuige aontaithe a chur i láthair i leith an phlé idirnáisiúnta agus cur le tionscnaimh idirnáisiúnta amhail Leathchúplaí Digiteacha don Aigéan*[17].
- *leanúint dá chuid oibre faoi Chomhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde ar an Aigéan agus Sineirge na Mara Duibhe.*

---

[15] COM(2022) 66.
[16] Treoir 2009/21/CE, Treoir 2009/16/CE, Treoir 2009/18/CE.
[17] https://www.oceandecade.org/actions/digital-twins-of-the-ocean-ditto/